Comhairle na Gaelscolaíochta; Feasachán Mhí Eanáir / Feabhra, 2019

Fostaíocht

Oifigeach Comhairleach (buan) & Oifigeach Cléireachais & Riaracháin (buan) (2 phost); Comhairle na Gaelscolaíochta, Béal Feirste

Tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais ar fáil ó www.comhairle.org (ón Déardaoin, 7ú Feabhra) Dáta druidte le haghaidh iarratas; Dé hAoine 22ú Feabhra, 5.00 iarnóin.

Bainisteoir Oideachais (Gaelscolaíochta) le CCEA
http://ccea.org.uk/about_us/work_us/current_positions/education_manager_irish_medium_curriculum_assessment_and

Imeachtaí

Oíche Eolais, Naíscoil na Fíobha, Droichead an Tuama; Déardaoin, 7ú Feabhra, 8.00, i.n.

Blitz Uladh trí Ghaeilge- 10ú Márta, in ionad spóirt Bhruach an Chluana, Machaire Fíolta; 13:30 go dtí 15:30. Tuilleadh eolais ó Conchúr Ó Muirí**,** Oifigeach Forbartha Gaeilge, Glór na Speiríní/ Mhachaire Fíolta. 028 79627703 nó 07795 536682.

Oiliúint

C2K - Traenáil *G-Suite* do Ghaelscoileanna,
6ú Feabhra, 1.00-3.00; C2k, Ashfield Boys' High School, Wilshere Drive, Béal Feirste, BT4 2LY

Féidearthachtaí Oiliúna le NERVE Creative Learning Centre. Cuireann NERVE fáilte ar leith roimh Ghaelscoileanna sna 6 chontae le bheith páirteach i scéimeanna dá gcuid, *Primary Partnership* san áireamh. Tuilleadh eolais;
http://www.nervebelfast.org/2019/01/30/primary-partnerships-201920/

Taighde, Foilseacháin & Áiseanna

Torthaí na Réamhscolaíochta Lán-Ghaeilge
https://www.education-ni.gov.uk/publications/irish-medium-pre-school-research

Monatóireacht ar an Churaclam; CCEA
Tá CCEA ag tabhairt faoi Mhonatóireacht ar an Churaclam le heolas a fháil faoi chur i bhfeidhm an Churaclaim agus faoin dóigh ar féidir le CCEA tacú le múinteoirí amach anseo. Mar chuid den tionscadal, beidh oifigigh CCEA ag tabhairt cuairte ar roinnt scoileanna le deis a thabhairt do mhúinteoirí an bharúil s'acu féin ar an Churaclam a chur in iúl dúinn. Beidh seo ag tarlú i ngaelscoileanna agus i scoileanna Béarla araon.
Chomh maith leis na cuairteanna ar na scoileanna, beidh ceistneoir ar fáil ar líne sa dóigh go mbeidh deis labhartha ag gach múinteoir. Beidh an leagan Gaeilge den cheistneoir ar fáil go luath ag http://ccea.org.uk/curriculum_monitoring

Aighneachtaí
Scéim Taistil na Roinne Oideachais https://www.education-ni.gov.uk/articles/home-to-school Molann Comhairle na Gaelscolaíochta do gach scoil a n-aird a thabhairt ar an chomhairliúchán seo, nó tá impleachtaí nach beag ann don earnáil. Thiocfadh leis a bheith tubaisteach don Ghaelscolaíocht má cheanglaítear liúntas taistil leis an scoil is cóngaraí, seachas leis an Ghaelscoil is cóngaraí.

Dá mba mhian leat fógra a chur leis an chéad fheasachán eile, gabh i dteagmháil le

Tarlach Mac Giolla Bhríde tmacgiollabhride@comhairle.org 02890 897315

Foireann Chomhairle na Gaelscolaíochta

Tá foireann CnaG i lár phróiseas athstruchtúraithe faoi láthair agus mar gheall air seo, d'fhág muid slán ar iomarcaíocht ar na mallaibh, ag triúr oifigeach comhairleach a mbeadh aithne ag cuid mhaith agaibh orthu; Seán Ó Muireagáin; Aodán Mac Shéafraidh agus Antaine Ó Muireagáin. Tá muid iontach buíoch as na blianta seirbhíse a thug an triúr seo do CnaG agus don earnáil; guíonn muid gach rath orthu amach anseo.

Cuireann muid fáilte ar leith roimh Maria Thomasson, a ceapadh mar Oifigeach Sinsearach Oideachais i Mí Eanáir.

Tá struchtúr nua fhoireann sinsearach i bhfeidhm ag CnaG faoi láthair, ag obair i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach:

CEO- Liam Ó Flannagáin

loflannagain@comhairle.org

- *Pleanáil Straitéiseach*
- *Rialachais Eagraíochta*
- *Bainistíocht Foirne*
- *Pleanáil Ceantair*
- *Ionadaíoch;*
- *Cumarsáid Pholaitíochta*

Oifigeach Sinsearach Polasaí agus Abhcóideachta – Tarlach Mac Giolla Bhríde
tmacgiollabhride@comhairle.org

- *Abhcóideacht*
- *Taighde*
- *Gobharnóireacht*
- *Ionadaíocht*
- *Meáin Sóisialta / Feasachán Míosúil*
- *An Coiste Áiseanna, Tacaíochta, Oiliúna agus Curaclaim (CATOC)*
- *Aighneachtaí agus Cúrsaí Polasaithe*

Oifigeach Sinsearach Forbartha-Peadar Ó Cuinneagáin pocuinneagain@comhairle.org

- *Pleanáil Cheantair*
- *Moltaí Forbartha / Cásanna ar Athrú*
- *Cóiríocht*
- *Daingniú agus Soláthar úr Gaelscolaíochta*
- *PEG (Pre-school Education Group)*

Oifigeach Sinsearach Oideachais – Maria Thomasson

mthomasson@comhairle.org

- *Feabhsú Scoile*
- *Soláthar Múinteoirí / Aiseanna*
- *RSO*
- *Irish-medium Steering Group for On-line Learning (IMSGOL)*
- *Sparánachtaí*
- *PRSD*
- *LOT 8*
- *Luathbhlianta*

Oifigeach Sinsearach Airgeadais, Riaracháin agus Pearsanra-Pól Ó Mórdha

pomordha@comhairle.org

- *Buiséadú & Caiteachas / Ceannach*
- *Párolla*
- *Rialachas / Iniúchadh Inmheánach & eatramhach*

- *Acmhainní Daonna agus Pearsanra*
- *Cúrsaí Ríomhaireachta agus Teicneolaíochta,*
- *Tacaíochta Riaracháin*
- *GDPR.*

Oifigeach Comhairleach – Tomás Ó Neill

toneill@comhairle.org

Oifigeach Comhairleach- Conor Stiobhard

cstiobhard@comhairle.org

Oifigeach Riaracháin agus Pearsanra – Gearóidín Mhic Cathmhaoil

runai@comhairle.org

Ba mhaith le Comhairle na Gaelscolaíochta cur lena cumarsáid le múinteoirí na hearnála, tríd an fheasachán seo, chun go mbeidh siad ar an eolas faoi imeachtaí, oiliúint, taighde srl a bhaineann lena bpoist. Chuige sin, iarraim ar phríomhoidí seoltaí ríomhphost na múinteoirí i bhur scoileanna a chur leis an liosta thíos agus é a sheoladh ar ais chuig tmacgiollabhride@comhairle.org

Ainm an Mhúinteora	**Scoil**	**Seoladh Ríomhphoist**

Buaiteoir Duais na Gaelscolaíochta

Comhghairdeas le Malachaí Ó hAgáin, Gaelscoil Éanna, Gleann Gormlaithe, ar bronnadh Duais na Gaelscolaíochta air ag gradaim *Scoth na Scoile* ar na mallaibh. Sa phictiúir in éineacht le Malachaí, ta Gearóid Mac Ádhaimh, Cathaoirleach Chomhairle na Gaelscolaíochta, a bhronn an duais air ag ócáid in Halla na Cathrach, Béal Feirste, ar an 1ú Feabhra.

Is as Baile an tSuaitrigh, Co. Dhoire do Mhalachaí, a d'fhreastal ar Bhunscoil Luraigh i Machaire Rátha. Is ball de chumann C.L.G. Mhícheáil Mhic Dhaibhéid, An Suaitreach é agus feidhmíonn sé faoi láthair mar Oifigeach Teanga agus Chultúr don chumann sin. Tá baint aige le bunú Naíscoil Ghreanacháin, Baile an tSuaitrigh a d'oscail in 2017. Tá Malachaí ag obair i nGaelscoil Éanna ó 2013.